# Tá áit duit anseo

## Do Threoir chuig Seachtain Feasachta Seas Suas 2026

**Belong To** LGBTQ+ Youth Ireland

"Is ócáid thar a bheith tábhachtach í an tSeachtain Feasachta Seas Suas do dhaoine óga LADTAI+ in Éirinn. I ndomhan atá ag éirí níos deighilte i rith an ama tá ról tábhachtach againn mar oideachasóirí, mar oibrithe óige agus mar mhúinteoirí, mar a bhaineann leis an sampla ceart a thabhairt do dhaoine óga. Ní comhartha tacaíochta aonuaire do dhaoine óga LADTA+ in Éirinn í an tSeachtain Feasachta Seas Suas. Má dhéantar é i gceart, is gné sheasmhach agus leanúnach é den chuimsiú agus den chomhghuaillíocht ghníomhach. Cuireann sé tús leis an bplé le daoine óga ar chúrsaí inscne agus claonadh gnéis agus cothaíonn sé caidreamh idir an dream atá taobh istigh den phobal agus iad siúd atá taobh amuigh de. Creidim, dá bhrí sin, gur gné ríthábhachtach dár gcuid oibre mar oideachasóirí, oibrithe óige agus múinteoirí é cabhrú le pobal atá cuimsitheach, fáilteach agus measúil a chothú inár scoileanna agus inár n-ionaid ionas go mbraithfidh gach duine go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil meas orthu!"

— Timo Sanctorum, Teagascóir Ógtheagmhála, in Ionad Ógtheagmhála Chill Rois

**Táimid buíoch díobh sin a rinne maoiniú ar an tSeachtain Feasachta Seas Suas:**

Rialtas na hÉireann Government of Ireland
An Roinn Oideachais agus Óige Department of Education and Youth
pobal government supporting communities
HSBC
ESB Energy for Generations Fund

**Faigheann an tSeachtain Feasachta Seas Suas tacaíocht ó:**

ASTI A century of service
TUI
ACCS
etbi Education & Training Boards Ireland
ISSU
JMB Joint Managerial Body
NAPD
Educate Together
NYCI National Youth Council of Ireland
foróige
Youth Theatre Ireland

**Belong To**
**13 Sráid na Parlaiminte**
**Baile Átha Cliath 2, D02 P658**

**info@belongto.org**
**www.belongto.org**
**01 670 6223**

**Is carthanas cláraithe é Belong To i bPoblacht na hÉireann**
**Uimhir Charthanais Chláraithe: 20059798. © Belong To, 2025**

# Fáilte

Is í Seachtain Feasachta Seas Suas 2026 an chéad cheann agam i mo Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Belong To - LADTA+ Ógra Éireann, agus is mór an onóir dom é. Le blianta beaga anuas, bhínn ag féachaint le barr measa agus bróid ar scoileanna, ionaid Ógtheagmhála agus seirbhísí óige agus ag seasamh suas i bpobail ar fud na tíre.

Táim fíorbhródúil as an tír ina mairimid inniu – áit inar féidir linn teacht le chéile i spásanna don óige agus a rá amach os ard go seasaimid in aghaidh na bulaíochta i gcoinne daoine LADTA+, agus ar son an chuimsithe. Ní mar sin a bhí cúrsaí i gcónaí in Éirinn, agus bóthar fada ba ea é ag teacht go dtí an pointe seo.

Mar sin, agus Seachtain Feasachta Seas Suas 2026 ag teannadh linn, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine agaibh ar fud na hÉireann a chuireann an obair seo chun cinn thar ceann na ndaoine óga a dtacaíonn sibh leo. Leanann sibh oraibh ag cur cruth nua ar Éire an lae inniu ionas go mbeidh fáilte inti roimh gach uile dhuine óg.



Ba mhaith linn uile go mbraithimis go bhfuil ceangal muintearais againn le daoine eile. Ní mór dúinn go léir an muintearas sin a mhothú - go mbeadh a fhios againn go bhfuil tábhacht linn, go bhfeictear muid agus go bhfuil áit ann dúinn. Fágann bhur dtiomantas gur fíor sin do dhaoine óga LADTA+ in bhur bpobalsa. Níor cheart beag is fiú a dhéanamh den tionchar atá ag an obair a dhéanann sibh.

Ag tráth chomh cinniúnach sin i bhforbairt daoine óga, bíonn tionchar ar feadh an tsaoil ag an muintearas a chothaíonn sibh ar a bhfolláine agus ar an tuiscint atá acu orthu féin.

Ní mór díriú ar an gcúnamh sin air agus é a chosaint. De réir mar a fheicimid grúpa mionlaigh ag déanamh a dhíchill eagla a chur ar dhaoine, mífhaisnéis a scaipeadh agus an dul chun cinn atá déanta a chur ar gcúl, tá an tionchar inláimhsithe a imríonn sibh ag tabhairt ugach dúinn. Tá sibh ag cinntiú go mbraitheann daoine óga ar fud fad na tíre go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil siad sábháilte ina gcuid spásanna oideachais agus óige.

Roghnaíodh téama na bliana seo mar gheall ar an simplíocht agus ar an gcumhacht a bhaineann leis mar mheon: **Tá Áit Duitse Anseo**.

Is é sin i ndáiríre bun agus barr an tSeachtain Feasachta Seas Suas. Trína gcinntítear go bhfuil a fhios ag gach duine óg, is cuma cé hiad féin, go bhfuil tacaíocht ann dóibh, go bhfuil áit ann dóibh agus go bhfuil meas orthu.

Cé go dtagann gach uile dhuine againn le chéile gach Samhain a bhuí leis an tSeachtain Feasachta Seas Suas, maireann cultúr an chuimsithe a chothaíonn sibh ó cheann ceann na bliana. Go raibh maith agat as a chinntiú go mbíonn a fhios ag daoine óga LADTA+ gach lá, i ngach seomra ranga agus i ngach grúpa óige, go bhfuil áit ann dóibh.

Le teann bróid,



Kieran O'Donovan

**Kieran O'Donovan (sé/é)**

**POF Belong To - LADTA+ Ógra Éireann**

01

# Seachtain Feasachta Seas Suas 2026



# Teideal Cad atá i gceist leis an tSeachtain Feasachta Seas Suas?

Is í an tSeachtain Feasachta Seas Suas príomhthionscnamh náisiúnta na hÉireann d'iar-bhunscoileanna, d'ionaid Ógtheagmhála agus do sheirbhísí óige ar fud na tíre mar a bhaineann leis an mbulaíocht LADTA+ a chosc.

Bíonn sé ar siúl gach bliain i mí na Samhna agus in 2026 beidh an 17ú feachtas á reáchtáil againn. Le beagnach dhá scór bliain, tá sé tar éis fás ón uair nach raibh ann ach díreach seachtain feasachta nó go bhfuil sí anois ina hócáid lárnach ar na féilirí oideachais agus san obair leis an óige - agus í ag cabhrú le pobail ar fud na tíre spásanna a chruthú a chuireann an cuimsiú agus an fholláine chun cinn do gach duine óg.

Ag a chroílár, tugann an tSeachtain Feasachta Seas Suas deis do scoileanna, d'ionaid Ógtheagmhála agus do sheirbhísí óige bogadh ó bheith díreach ag freagairt don bhulaíocht, agus dul i dtreo rud éigin atá i bhfad níos cumhachtaí. Agus páirt á ghlacadh agaibh, tá tú ag gníomhú chun cultúr a chothú ina bhfuil meas, dlúthpháirtíocht agus muintearas i measc an phobail ar fad. Deis atá ann le ceiliúradh a dhéanamh ar na daoine óga LADTA+ agus ar an éagsúlacht ar fad a bhaineann leo, agus a thaispeáint dóibh go bhfuil aitheantas agus tacaíocht acu agus go bhfuil meas orthu - ní hamháin i rith na seachtaine seo, ach gach uile lá den bhliain.

Sa treoir seo don tSeachtain Feasachta Seas Suas gheobhaidh tú foireann d'uirlisí praiticiúla, réidh le húsáid a chuideoidh leat dul i ngleic leis an mbulaíocht, agus aire a thabhairt d'fholláine do phobail ar fad. I rith na seachtaine, tiocfaidh daltaí, foghlaimeoirí, baill foirne agus an pobal scoile nó an pobal seirbhíse níos leithne atá agaibh le chéile le bheith ag foghlaim, ag roinnt agus ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí atá oiriúnach don aois chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcuimsiú. Agus sibh ag glacadh páirt ní hamháin go mbíonn imeachtaí á reáchtáil agaibh - ach bíonn sibh ag cabhrú le timpeallacht fháilteach a chruthú ina mbraitheann na daoine óga ar fad go bhfuil meas orthu agus go bhfuil sé sábháilte acu a bhféiniúlacht a léiriú.

## Fotheideal Cuspóirí na Seachtaine Feasachta Seas Suas

Agus Seachtain Feasachta Seas Suas á pleanáil agat i do scoil, ionad Ógtheagmhála nó seirbhís óige, d'fhéadfadh go gcabhródh sé príomhchuspóirí an fheachtais a choinneáil i gcuimhne:

- Cuir leis an gcairdeas agus an tacaíocht a léirítear do dhaoine óga LADTA+ agus do dhaoine óga eile.
- Cuir leis an tuiscint atá ar dhaoine óga LADTA+ i measc daltaí, foghlaimeoirí, múinteoirí, príomhoidí, oibrithe óige agus daoine eile i do scoil, ionad Ógtheagmhála nó i do phobal seirbhíse.
- Cuir leis an meas atá ar éagsúlacht na ndalaí LADTA+ agus ar a bhféiniúlacht.
- Cuir leis an seans go n-inseoidh daoine óga LADTA+ faoi bhulaíocht a tharlaíonn.

Agus gníomhaíochtaí á bhforbairt agat don tseachtain, smaoinigh ar an gcaoi a dtacaíonn gach tionscnamh le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí seo. Mar shampla:

- Is féidir le tionscadail chomhoibríocha cosúil le múrphictiúr dlúthpháirtíochta nó clár fógraí cuimsithe cabhrú le siombail infheicthe muintearais a fhorbairt, agus cur leis an meas atá ar éagsúlacht agus ar fhéiniúlachtaí na ndaoine LADTA+.
- D'fhéadfadh díospóireachtaí sa seomra ranga nó i ngrúpaí faoi thionchar na bulaíochta na polasaithe folláine atá agaibh a threisiú agus iompar a léiríonn meas a spreagadh.

Tá sé tábhachtach go míneofaí go soiléir ón tús don fhoireann, do na daltaí agus do na foghlaimeoirí an chúis agus na cuspóirí atá leis an tseachtain, agus go mbeadh ról lárnach acu sna himeachtaí ar fad. Cuidíonn an tuiscint chomhroinnte seo le cur chuige seasmhach agus fiúntach a chinntiú ar fud na scoile nó na seirbhíse.

B'fhéidir gurbh fhiú duit freisin aiseolas gan ainm a bhailiú ó dhaoine óga roimh agus tar éis na seachtaine. D'fhéadfadh sé seo léargas luachmhar a thabhairt ar thionchar na ngníomhaíochtaí agus bonn eolais a chur faoin bpleanáil sa todhchaí.

**Féach ar ár mol oideachais ar líne** → le haghaidh suirbhéanna samplacha a d'fhéadfá a chur in oiriúint agus a úsáid i do shuíomh, chomh maith le go leor acmhainní eile a bheifeá in ann a úsáid don tSeachtain Feasachta Seas Suas.

## Acmhainní breise don tSeachtain Feasachta Seas Suas

Mar thacaíocht don treoir seo, tá teacht ar roinnt acmhainní forlíontacha ar líne i mBéarla agus i nGaeilge:

- Treoir Céim ar Chéim maidir le Seachtain Feasachta seas Suas a Óstáil
- Teanga agus Téarmaíocht
- Ag Gníomhú ar na Comhpháirtíochtaí
- Pleananna ceachta do chuimsitheacht LADTA+ na sraithe sinsearaí
- Gníomhaíochtaí agus Bearta don tSeachtain Feasachta Seas Suas

Tiocfaidh tú ar na hacmhainní seo agus tuilleadh ag **www.belongto.org**

*Má fheiceann tú an deilbhín seo ➔, áit ar bith sa treoir, ciallaíonn sé go bhfuil acmhainní breise agus tuilleadh eolais againn duit ar ár suíomh gréasáin.*

# Cén fáth ar Gá dúinn Spásanna Cuimsitheacha LADTA+ a Chruthú

## An fáth a gcaithfimid seasamh suas

Le blianta beaga anuas, tá an-dul chun cinn, ar cheart a bheith bródúil as, déanta ag Éirinn i dtreo comhionannais do dhaoine LADTA+. Deich mbliana ó shin, le linn an reifrinn ar an gcomhionannas pósta sa bhliain 2015, léirigh sochaí na hÉireann comhghuaillíocht dhochreidte agus dhearbhaigh sí fís álainn de thír níos oscailte, níos cuimsithí. Bhí an gealltanas a thugamar do dhaoine óga LADTA+ simplí: tá sé sábháilte teacht amach, tá sé sábháilte d'fhéiniúlacht a thaispeáint agus tá áit duitse anseo.

Ó shin i leith, d'oibrigh scoileanna, ionaid Ógtheagmhála agus seirbhísí óige ar fud na tíre gan stad gan staonadh chun an gealltanas sin a chur i gcrích. Tá ár gcóras oideachais agus an obair óige ar cheann de na hacmhainní is tábhachtaí atá againn mar a bhaineann le mothú sin an mhuintearais a choinneáil beo.

Sa lá atá inniu ann, áfach, ní féidir linn talamh slán a dhéanamh den dul chun cinn sin níos mó. Táimid ag tabhairt faoi deara - ar fud an domhain agus sa bhaile - níos mó guthanna atá ag iarraidh srian a chur le feiceálacht agus le cuimsiú na ndaoine LADTA+, go háirithe taobh istigh de na spásanna oideachais agus sna spásanna don óige. Tá iarracht chomhordaithe á déanamh an gealltanas sin a thástáil agus na cearta, an dul chun cinn agus an comhionannas atá faighte, a laghdú.

Tá an fhianaise ag tarraingt airde ar na dúshláin seo i rith an ama. Fuarthas amach i *Suirbhé ar Atmaisféar Scoile* 2022[1] nach mbraitheann 76% de dhaoine óga LADTA+ in Éirinn fós féin go bhfuil siad sábháilte ar scoil. Léiríonn an meabhrúchán lom seo dúinn gur gá dúinn a bheith airdeallach i gcónaí faoi na hiarrachtaí a n-ionadaíocht a theorannú inár gcuraclaim agus inár spásanna don óige.

Tá an t-ádh orainn go bhfuil, ar fud na n-earnálacha oideachais agus na hóige araon, treoir agus tacaíocht ar fáil. Tá creataí náisiúnta forbartha chun cabhrú leat leis an obair seo laistigh de do shuíomh:

- Bí Cineálta & Beartais Frithbhulaíochta: Agus scoileanna anois ag leabú a gcuid polasaithe *Bí Cineálta*[2] chun bulaíocht homafóbach agus thrasfóbach a chosc agus troid i gcoinne an idirdhealaithe, tá seirbhísí óige agus ionaid Ógtheagmhála á scáthánú seo trí chaighdeáin um chosaint agus cuimsiú a chur i bhfeidhm gach aon lá.
- Foghlaim agus Spásanna Cuimsitheacha: Is cuma más sa churaclam OSPS athfhorbartha sna seomraí ranga, nó sna cláir oideachais neamhfhoirmiúla, mar chuid den obair ghrúpa, nó sna spásanna buail isteach atá á reáchtáil ag oibrithe óige, a tharlaíonn sé, tá na féiniúlachtaí LADTA+ fite fuaite sna háiteanna ina mbíonn daoine óga ag foghlaim agus ag bualadh le chéile ionas go bhféadfaidh na daoine óga ar fad léargas orthu féin a fheiceáil.

Tá an tSeachtain Feasachta Seas Suas leagtha amach chun bheith ag teacht leis na riachtanais seo, agus uirlisí praiticiúla agus tacaíocha á gcur ar fáil a chuideoidh leat an obair seo a chur i gcrích ar an talamh. Baineann sé le cosaint a thabhairt do chroíluachanna an oideachais agus na hoibre leis an aos óg: is iad sin meas, dínit, comhionannas agus folláine gach duine óg. Tá an-tábhacht ag baint leis na céimeanna seo toisc go gcuidíonn siad go díreach le meabhairshláinte níos fearr agus torthaí saoil níos fearr do na daoine óga atá faoi do chúram.

Tugann sé seo deis iontach do mhúinteoirí, do cheannairí scoile, d'oibrithe óige, agus do na baill foirne Ógtheagmhála fíordhifríocht a dhéanamh. Caithfear an dul chun cinn a bhí déanta sna deich mbliana atá díreach caite a chosaint agus cur leis inár n-idirghníomhaíochtaí ó lá go lá. Tá cleachtas na cuimsitheachta riachtanach i gcónaí sa teagasc, sa pholasaí agus sna gnáthaimh laethúla. Tá sé chomh tábhachtach anois agus a bhí sé riamh timpeallachtaí a chruthú ina mbraitheann daoine óga LADTA+ go bhfuil siad feiceálach, luachmhar agus sábháilte.

Agus an cuimsiú á cheistiú in áiteanna áirithe, tá an ról atá agatsa mar a bhaineann le dea-shampla a thabhairt i dtaca le cineáltas, meas agus muintearas ríthábhachtach. Má leanann tú ort agus thú réamhghníomhach, eolasach agus feiceálach i gcónaí nuair a thagann sé chuig do dhúthracht, is féidir leat a chinntiú go bhfeicfidh gach duine óg - lena n-áirítear iad siúd atá LADTA+ - do thimpeallacht mar spás atá sábháilte agus inar féidir leo a bheith i mbarr a maitheasa.

## Cén sórt saoil a bhíonn ag Daoine Óga LADTA+?

Is tréimhse iontach don fhionnachtain, don athrú agus don fhorbairt é an teacht in inmhe do gach déagóir. I gcás na ndaoine atá LADTA+, áfach, d'fhéadfadh an tréimhse seo sraith bhreise a chur lena n-iarracht dul i ngleic leis an saol. Bíonn ar go leor daoine óga aghaidh a thabhairt ar thréimhsí aonrúcháin, éiginnteachta agus eagla ciúin nach nglacfar leo fad is atá siad ag oibriú amach cé hiad féin agus cén chaoi a nglacfaidh an saol leo - go háirithe sula n-insíonn siad faoina bhféiniúlacht do dhuine ar bith eile.

Tugann taighde náisiúnta le fios dúinn go mbraitheann idir 6% agus 10% de na daoine óga in Éirinn gur daoine LADTA+ atá iontu. Fágann sé seo go bhfuil gach seans ann go bhfuil daoine óga LADTA+ i ngach seomra ranga, grúpa Ógtheagmhála, agus club óige sa tír, bídís oscailte faoi fós nó ná bíodh.

Tugann an staidéar is déanaí *Being LGBTQI+ in Ireland*[3] (2024) tuiscint an-soiléir dúinn ar an aistear seo:

- Is ag **aois 12** is minice a fhaigheann daoine óga tuiscint ar a bhféiniúlacht.
- Is ag **aois 14** is minice a bhíonn sé de mhisneach acu labhairt le duine eile faoi.

Tréimhse ríthábhachtach, chinniúnach, atá sa dá bhliain seo, tréimhse ina mbraitheann siad níos leochailí. Toisc go mbíonn siad ag dul i ngleic leis an athrú seo is ag 14 is minice, dar le daoine óga LADTA+ a dhéanann siad féindochar nó a mbíonn siad ag smaoineamh ar lámh a chur ina mbás féin, agus is ag 15 is mince a dhéanann siad iarracht, den chéad uair, lámh a chur ina mbás féin.



Nuair a chuirtear iad i gcomparáid lena gcomhghleacaithe, bíonn torthaí meabhairshláinte i bhfad níos measa ag daoine óga LADTA+. Idir 14 agus 18 mbliana d'aois, tá na rátaí imní agus dúlagair tromchúiseacha trí huaire níos airde. Tá a thrí oiread níos mó de sheans ann go ndéanfaidh siad féindochar, a dhá oiread níos mó de sheans go mbeidh siad ag smaoineamh ar lámh a chur ina mbás féin agus cúig oiread níos mó de sheans go ndéanfaidh siad iarracht lámh a chur ina mbás féin. Léiríonn na patrúin seo an tábhacht a bhaineann le tacaíocht thráthúil agus chuí a thabhairt le linn na luathbhlianta san oideachais dara leibhéal.

Tá sé ríthábhachtach a thuiscint nach cuid dhosheachanta de bheith i do dhuine LADTA+ iad na torthaí seo. Is amhlaidh, i ndáiríre, gur toradh díreach iad ar an droch thionchar a bhíonn ag bulaíocht, eisiamh agus micrea-ionsaithe ar na mothúcháin. Léiríonn an taighde go bhfuil ceangal díreach idir bulaíocht a bheith déanta ar dhuine agus leibhéil arda dúlagair, imní, agus neamhoird itheacháin.

Seo an áit a dtagann tusa isteach. Léiríonn na sonraí go bhfuil sé dúshlánach, ach tugann sé le fios freisin go bhfuil deis iontach ann idirghabháil a dhéanamh i dtús ama. Agus daoine óga ag tabhairt aghaidh ar a bhféiniúlacht féin le linn na mblianta tosaigh ag an dara leibhéal agus sna seirbhísí don óige, má bhíonn cultúr tacúil ann d'fhéadfadh sé an-difríocht a dhéanamh dá bhfolláine.

Tá an-deis ag na scoileanna, na hionaid Ógtheagmhála agus na seirbhísí don óige na staitisticí diúltacha seo a chur as a riocht. Nuair a chuireann tú spás ar fáil atá sábháilte, dearfach agus feiceálach, tá tú mar a bheadh cosaint ann i gcoinne an bhrú a thagann ón saol lasmuigh.

Trí chultúr cuimsitheach a chothú, gníomhú chun bulaíocht a chosc, agus tabhairt faoi thionscnaimh ar nós an tSeachtain Feasachta Seas Suas, tá tú ag déanamh i bhfad níos mó ná díreach feachtas a reáchtáil. Tá tú ag oibriú ar na staitisticí sin a bhaineann le himní agus féindochar a laghdú agus ag cabhrú le forbairt a dhéanamh ar an muinín agus an teacht aniar fadtéarmach a theastaíonn ó gach duine óg chun barr a mhaitheasa a bhaint amach.

## Meabhairshláinte Daoine Óga LADTA+

**Tréimhse ríthábhachtach do dhaoine óga ó thaobh a bheith ag athrú agus ag teacht ar thuiscint orthu féin, sa bhaile, ar scoil agus ina saol sóisialta.**

An aois is coitianta ag a bhfaigheann daoine amach faoina bhféiniúlacht LADTA+. (12)

An aois is coitianta ag ndéanann daoine óga iarracht lámh a chur ina mbás féin. (15)

11 | 12 | 13 | 14 | 15 | 16 | 17 | 18

An aois is coitianta ag a dtosaíonn rannpháirtithe óga trasinscneacha ag maireachtáil go hoscailte ina n-inscne.

An aois is coitianta ag a smaoiníonn daoine óga ar fhéindochar a dhéanamh nó ar lámh a chur ina mbás féin. (14)

An aois is coitianta ag n-insíonn daoine óga do dhuine éigin eile den chéad uair faoina bhféiniúlacht LADTA+.

# An Tionchar a bhíonn ag an gCuimsiú LADTA+

## Taithí na nDaoine Óga LADTA+ ar Scoil

Sa Suirbhé ar Atmaisféar Scoile[1] (2022), is déanaí, roinn os cionn 1,200 dalta LADTA+ atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna ar fud na hÉireann a dtaithí ar shaol na scoile. Tarraingíonn na torthaí aird ar an imní mhór atá ar cheannairí scoile agus ar oideachasóirí. Le linn na scoilbhliana 2021 go 2022, thug 76% de na daltaí LADTA+ le fios gur bhraith siad nach raibh siad sábháilte ar scoil. Thug líon suntasach acu, 69%, le fios go raibh caint homafóbach cloiste acu ó dhaltaí eile.

**I measc na ndaltaí LADTA+ dara leibhéal in Éirinn:**

- Mothaíonn **76%** díobh nach bhfuil siad sábháilte ar scoil
- Chuala **69%** díobh ráitis homafóbacha ó mhic léinn eile
- Níl **duine as gach deichniúr** cinnte an gcríochnóidh siad an Ardteistiméireacht
- Bhí **86%** fágtha amach d'aon ghnó ag piaraí
- Chaill **triúr as gach deichniúr** lá scoile amháin ar a laghad le mí anuas toisc gur mhothaigh siad nach raibh siad sábháilte, nó de bharr iad a bheith míchompordach
- Chuala **58%** díobh ball d'fhoireann na scoile ag déanamh ráiteas homafóbach

Cé go bhfuil fadhb i gcónaí leis an mbulaíocht i gcuid mhaith suíomhanna éagsúla, léiríonn an taighde go seasta go bhfuil tionchar as compás ag an mbulaíocht ar dhaltaí LADTA+, agus níos mó ciaptha agus eisiaimh á fhulaingt acu le hais mar a bhíonn ag a gcomhghleacaithe.

I gcás oideachasóirí agus oibrithe óige, léiríonn na torthaí seo go soiléir an tábhacht a bhaineann le cultúr atá cuimsitheach, sábháilte agus ina léirítear meas a chothú. Tá sé ríthábhachtach timpeallachtaí foghlama agus forbartha atá cuimsitheach agus fáilteach a chruthú, ní hamháin ar mhaithe le go n-éireoidh go hacadúil leis na daltaí ach freisin ar mhaithe lena bhfolláine agus le go mbraithfidh siad ar a suaimhneas i gcoitinne. Nuair a ghlactar céimeanna réamhghníomhacha agus eolasacha chun aghaidh a thabhairt ar eispéiris na ndaltaí LADTA+ d'fhéadfadh sé tionchar suntasach agus buan a imirt ar a dtorthaí oideachais, chomh maith lena meabhairshláinte agus a bhfolláine sa bhfadtéarma.

**I gcomparáid le gnáthphobal óige na hÉireann, i gcás dhaltaí LADTA+ tá:**

| | |
|---|---|
| **4 huaire** | níos mó seans ann go mbraithfidh siad uaigneach ar scoil |
| **3 huaire** | níos mó seans ann go mbraithfidh siad nach dtaitníonn siad leis na daltaí eile |
| **3 huaire** | níos mó seans ann go mbraithfidh siad coimhthíoch ar scoil |
| **tá dhá** | oiread níos mó seans ann go mbeidh sé ag dul rite leo cairde a dhéanamh ar scoil |

## Fachtóirí Cosanta agus Timpeallachtaí Cuimsitheacha do Dhaoine Óga LADTA+

Tá a fhios againn go bhféadfadh sé go mbeadh ar dhaoine óga LADTA+ aghaidh a thabhairt ar dhúshláin bhreise sna suíomhanna oideachais agus óige, rud a fhágann go bhfuil ról ríthábhachtach ag ceannairí agus ag baill foirne ó thaobh dul i ngleic leis na deacrachtaí seo trí thimpeallacht atá tacúil agus cuimsitheach a chothú. D'fhéadfadh fiú gníomhartha beaga, atá déanta d'aon ghnó, an-difríocht a dhéanamh chun a chinntiú go mbraitheann daoine óga LADTA+ go bhfuil siad sábháilte, go bhfuil meas orthu agus go bhfuil siad cuimsithe.

### Is féidir le Tacaíocht ón bhFoireann Muintearas a Chothú

Is ábhar misnigh iad na torthaí ón *Suirbhé ar Atmaisféar Scoile*[1] 2022 mar go dtarraingíonn sé aird ar an tionchar dearfach a bhíonn ag an tacaíocht ón bhfoireann. I gcomhthéacs na hiar-bhunscoile, thug leath de na daltaí LADTA+ le fios go raibh siad in ann deichniúr nó níos mó ball foirne a ainmniú a thugann tacaíocht dá bhféiniúlachtaí LADTA+, agus d'fhéadfadh beagnach gach duine (99%) ball foirne amháin ar a laghad den chineál sin a ainmniú.

Nuair a bhíonn an-tacaíocht á thabhairt ag an bhfoireann is léir:

- Gur mó seans go nglacfaidh na daltaí eile i gcoitinne leo.
- Go mbraithfeadh daltaí LADTA+ go raibh siad 'sa mbaile' ar scoil.
- Gur lú seans go gcaillfidh siad laethanta ón scoil mar gheall ar go mbraitheann siad nach bhfuil siad sábháilte.

Leagann na torthaí seo tuilleadh béime ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht ón bhfoireann, agus í a bheith feiceálach agus seasta. Tugann tionscnaimh ar nós an tSeachtain Feasachta Seas Suas deis iontach do gach oideachasóir agus oibrí óige an tiomantas seo a léiriú. Tá gníomhartha simplí - mar shampla freastal ar imeachtaí, bratach Bród a thaispeáint i seomra ranga nó sa spás ina bhfuil do ghrúpa óige, nó greamán beag tuar ceatha a chur ar ríomhaire glúine - in ann an teachtaireacht chumhachtach a thabhairt go bhfuil aitheantas tugtha do daoine óga LADTA+, go bhfuil meas orthu agus go dtacaítear leo.

### Curaclam Cuimsitheach

Tharraing an suirbhé aird freisin ar an tionchar dearfach a bhíonn ag an teagasc cuimsitheach. Chuir daltaí LADTA+ a d'fhoghlaim faoi thopaicí LADTA+ ar scoil in iúl gur bhraith siad go raibh níos mó glacadh leo agus gur lú an seans go mbeidís as láthair mar gheall ar imní faoi chúrsaí sábháilteachta.

Mar sin féin, tá bearnaí fós ann. Thug leath de na daltaí LADTA+ le fios nár tháinig siad ar aon topaicí LADTA+ ina gcuid foghlama le linn na scoilbhliana 2021 go 2022, agus ní raibh ach 35% tar éis ceachtanna cuimsitheacha LADTA + a fháil mar chuid den chlár OSPS.

Tugann sé seo deis phraiticiúil do scoileanna an curaclam a úsáid leis an gcuimsiú a neartú. D'fhéadfadh an tSeachtain Feasachta Seas Suas a bheith ina phointe tosaigh leis an bhfoireann a thabhairt ar bord. Má thugtar isteach téamaí LADTA+ sna hábhair ar bhealach atá oiriúnach don aois agus don chéim, bíodh sé san OSPS nó ar bhealach níos leithne, is féidir leis cabhrú lena chinntiú go bhfeiceann daltaí daoine ar nós iad féin ina gcuid oideachais ar bhealaí atá fiúntach agus a bhaineann leis an ngnáthshaol ó lá go lá.

### Tá Idirghabháil na Foirne Tábhachtach

Léiríonn taighde gur féidir le bulaíocht a bhaineann leis an bhféiniúlacht, lena n-áirítear teanga homafóbach agus thrasfóbach, an-dochar a dhéanamh d'fholláine daoine óga. Tá sé ríthábhachtach go rachadh an fhoireann i ngleic go seasta agus go muiníneach le hiompar den chineál sin nuair a tharlaíonn sé.

Sa *Suirbhé ar Atmaisféar Scoile*[1] thug 69% de dhaltaí LADTA+ le fios go raibh caint homafóbach cloiste acu ó dhaltaí eile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nuair a rinne an fhoireann idirghabháil sna cásanna seo ar son na ndaltaí LADTA+:

- Gur mó seans go nglacfaidh na daltaí eile i gcoitinne leo.
- Go mbraithfeadh daltaí LADTA+ go raibh siad 'sa mbaile' ar scoil.
- Nach gcaillfeadh daltaí LADTA+ laethanta scoile mar gheall ar shábháilteacht ar scoil.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh cur chuige soiléir leagtha síos don scoil, don lárionad nó don tseirbhís chun dúshlán a bhaineann le cásanna de theanga nó de bhulaíocht homafóbach, dhéfóbach nó thrasfóbach agus iad a thaifeadadh. Má chuirtear an oiliúint chuí ar fáil don fhoireann, cabhróidh sé leis an obair seo. Nuair a spreagtar rannpháirtíocht san fhoghlaim ghairmiúil - amhail modúil ríomhfhoghlama a bhaineann le tacú le daoine óga LADTA+ - cabhraíonn sé le muinín na foirne agus cinntíonn sé go mbíonn an fhreagairt seasmhach.

**Breathnaigh ar ár mol oideachais ar líne** ➔ áit a bhfuil teacht ar threoir maidir le bheith ag obair le do chomhghleacaithe le próiseas soiléir a bhunú chun teanga atá homafóbach, défóbach nó trasfóbach i do scoil, d'ionad Ógtheagmhála nó do sheirbhís óige, a chlárú agus a thuairisciú. Nuair atá tú ag réiteach don tSeachtain Feasachta Seas Suas, b'fhiú na baill foirne a spreagadh lenár **modúl oiliúna ríomhfhoghlama saor in aisce 'Oideachasóirí agus Oibrithe Óige ag tacú le daoine óga LADTA+'** ➔ a dhéanamh. Agus an modúl críochnaithe acu, d'fhéadfadh na baill foirne a gcuid teastas a thaispeáint ar a ndoirse, ar mhaithe le teachtaireacht fheiceálach a thabhairt maidir lena dtiomantas agus a dtacaíocht do gach duine óg.



02

# Seirbhísí Óige agus an tSeachtain Feasachta Seas Suas

# Seirbhísí Óige agus an tSeachtain Feasachta Seas Suas

Tugann an tSeachtain Feasachta Seas Suas deis iontach do na seirbhísí óige ar fud na hÉireann teacht le chéile chun dúshlán a thabhairt don bhulaíocht fhrith-LADTA+ agus timpeallachtaí atá níos tacúla a chruthú do gach duine óg. Is seachtain í chun seasamh suas, gníomhú agus an cuimsiú a dhéanamh feiceálach.

Mar oibrí óige, tá ról lárnach agatsa san obair seo. Leagann na caidrimh agus na spásanna a chruthaíonn tú bunchloch ionas go mbíonn tú in ann plé ar bhealach fiúntach leis na daoine óga ar a bhfuil tú ag freastal. Cuireann an tSeachtain Feasachta Seas Suas leis an obair sin, agus cruthaítear fócas, fuinneamh agus infheictheacht don chuimsiú i do sheirbhís.

Meabhraíonn téama na bliana seo, 'Tá Áit Duitse Anseo', dúinn nach de sheans a tharlaíonn muintearas. Cruthaítear é trí ghníomhartha a bhíonn déanta d'aon ghnó, tríd an gcleachtas cuimsitheach agus daoine óga a bheith ag seasamh suas dá chéile.

Ar leathanaigh 16 go 19, gheobhaidh tú gníomhaíochtaí praiticiúla a chabhróidh leat beocht a chur sa teachtaireacht seo. Tá siad seo deartha chun daoine óga a mhealladh, comhghuaillíochtaí a fhorbairt agus meas a chur chun cinn ar bhealaí atá fiúntach do do shuíomh.

D'fhéadfadh an tSeachtain Feasachta Seas Suas a bheith ina phointe tosaigh freisin. Tá sí in ann comhráite a spreagadh, muinín a chothú agus feidhmiú mar thús le haghaidh obair níos doimhne, bíodh sé sin ag cur leis an bhfeasacht agus cleachtas na cuimsitheachta a neartú, nó grúpa óige LADTA+ a bhunú.

Chun ceiliúradh a dhéanamh ar an tionchar seo, tá gradam nua ar leith don tSeachtain Feasachta Seas Suas, An Gradam Seirbhíse Óige, tugtha isteach againn agus é dírithe ar an tionchar a bhíonn ag na seirbhísí óige, agus aitheantas á thabhairt don difríocht a dhéanann tú i rith na seachtaine áirithe seo agus uaidh sin amach. Féach leathanach 23 le haghaidh tuilleadh eolais.

Ar an iomlán is éard atá i gceist leis an tSeachtain Feasachta Seas Suas ná seirbhísí don óige a chruthú ina mbraitheann gach duine óg go bhfuil siad sábháilte, tábhachtach agus go bhfuil meas orthu, agus ina mbraitheann siad go láidir go bhfuil siad sa bhaile ann.




## Aird ar Sheirbhísí Óige - Seirbhís Óige Bhrú

Thosaigh Seirbhís Óige Bhrú ag obair ar an nGradam Tuar Ceatha a bhaint amach in 2023, agus úsáid á baint acu as an tSeachtain Feasachta Seas Suas mar dheis le cuimsiú na ndaoine LADTA+ a fheabhsú ina gcuid seirbhísí ar fad i mBaile Átha Cliath 12. Cé go raibh grúpa LADTA+ ann cheana féin, toisc gur theastaigh uathu go mbeadh tuilleadh daoine óga ag baint úsáid as an tseirbhís, díríodh le linn na seachtaine ar chur leis an bhfeasacht agus rannpháirtíocht a spreagadh.

Chuir an fhoireann imeachtaí faisnéise saincheaptha ar fáil trí sheisiúin buail isteach dírithe ar thrí aoisghrúpa ar leith chun a chinntiú gur éirigh leo an oiread daoine óga agus ab fhéidir a shroicheadh. Thosaigh gach seisiún le teachtaireacht shoiléir foirne maidir le tiomantas na seirbhíse do chuimsiú na ndaoine LADTA+, cur i gcoinne na bulaíochta frith-LADTA+, agus tábhacht na comhghuaillíochta. Ina dhiaidh sin thug siad eolas chun daoine a threorú chuig an ngrúpa LADTA+ atá ar fáil ag Seirbhís Óige Bhrú.

Chruthaigh gníomhaíochtaí idirghníomhacha agus cruthaitheacha, lena n-áirítear karaoke, comórtais ealaíne, gléasadh suas, agus deiseanna grianghraif a ghlacadh atmaisféar dearfach agus tarraingteach. Chomh maith leis sin dhear na daoine óga póstaeir frithbhulaíochta agus bhí siad seo ar taispeáint ar fud na seirbhíse.

Chuir an tseachtain leis an bhfeasacht, spreagadh comhráite faoi chomhghuaillíocht agus mar thoradh air sin, bhí níos mó daoine óga LADTA+ ag glacadh páirte. Chuidigh sé freisin leis na baill foirne seasamh go muiníneach i gcoinne homafóibe chomh maith le cleachtas níos cuimsithí a chur chun cinn.

Cé gur tháinig roinnt deacrachtaí chun cinn, go háirithe maidir le dearcadh measctha, tugadh aghaidh orthu seo trí phlé oscailte agus deiseanna machnaimh.

Tríd is tríd, bealach fiúntach a bhí sa tSeachtain Feasachta Seas Suas chun an cuimsiú a chur chun cinn, cleachtas a neartú, agus daoine óga a nascadh leis na tacaíochtaí.

## Aird ar na Seirbhísí Óige - GOSHH

Chun béim a leagan ar thábhacht na comhpháirtíochta agus an phobail, roinn foireann GOSHH atá lonnaithe i Luimneach, a dtaithí ar bheith ag oibriú le scoileanna áitiúla agus le hionaid Ógtheagmhála le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas.



> “Gach bliain, oibríonn GOSHH (Inscne, Claonadh, Sláinte Ghnéasach, VEID) i gcomhpháirtíocht le scoileanna, ionaid Ógtheagmhála agus eagraíochtaí pobail chun tacú leis an tSeachtain Feasachta Seas Suas. Tá ár gcuid oibre bunaithe ar eispéiris saoil na ndaoine óga agus é dírithe ar thimpeallachtaí níos sábháilte agus níos cuimsithí a chruthú. Le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas in 2025, chuireamar ceardlanna cuimsithe LADTA+ ar fáil do 430 dalta agus ball foirne ar fud an Mheán-Iarthair, agus pléadh féiniúlacht, comhghuaillíocht, claontacht, teanga agus cuimsiú. B’fhacthas dúinn go raibh na scoileanna thar a bheith tiomanta freisin, agus tionscnaimh ar an gcuimsitheacht ar siúl go leanúnach agus go feiceálach agus ceannaireacht na ndaltaí ag fás.”

## Seirbhísí don Aos Óg - Gníomhaíochtaí na Seachtaine Feasachta Seas Suas

Chomh maith leis na gníomhaíochtaí atá leagtha amach ar leathanaigh 16 go 19, b’fhiú smaoineamh ar na moltaí seo a leanas a d’fhéadfadh a bheith an-ábhartha, go háirithe sna seirbhísí don óige.

Moltar go rachadh na seirbhísí i gcomhairle i dtosach le daoine óga ar fud na heagraíochta chun a fháil amach faoi na cineálacha gníomhaíochtaí nó feachtais ba mhaith leo a chuirfí ar siúl le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas.

Roinnt imeachtaí a d’fhéadfaí a eagrú:

- Oibriú le chéile chun taispeántas amhairc a chruthú a thabharfadh léargas ar an mbrí a bhaineann ‘muintearas’. D’fhéadfadh gur múrphictiúr, clár fógraí, póstaeir nó dearaí brataí a bheadh i gceist.
- Seisiúin scéalaíochta ag úsáid réimse d’fhormáidí cruthaitheacha, lena n-áirítear an focal béil, filíocht, sleachta, taifeadtaí fuaime nó cruthú zine.
- Suaitheantais nó greamáin a dhearadh bunaithe ar an téama “Tá Áit Duitse Anseo’.
- Tráth na gceist nó gníomhaíocht a chuireann deireadh le miotais a eagrú chun cur leis an bhfeasacht ar na féiniúlachtaí LADTA+, ar an gcomhghuaillíocht agus an stair a bhaineann le LADTA+.

03

# Téama Sheachtain Feasachta Seas Suas 2026:

# Tá Áit Duitse Anseo



# Téama Sheachtain Feasachta Seas Suas 2026

## Tá Áit Duitse Anseo

In 2023, thug Belong To an póstaer dearaidh tuar ceatha isteach den chéad uair le teachtaireacht shimplí: 'Tá Áit Duitse Anseo'.

Priontáladh iad agus crochadh iad i seomraí ranga agus i bpasáistí ar fud na hÉireann, agus bhí cuid mhaith acu fós crochta i bhfad tar éis mhí na Samhna. Thréig cuid acu le himeacht ama, agus cuireadh leaganacha a bhí priontáilte as an nua in ionad cuid eile acu. Tá na blianta imithe thart ach tá daoine óga agus baill foirne fós ag iarraidh a fháil amach cá bhfaighidh siad iad. Is ábhar sóláis é siombail an tuair cheatha a gheallann go bhfuil duine sábháilte agus tugann sé teachtaireacht faoin gcuimsitheacht a chuirfeadh ar do shuaimhneas thú agus a léiríonn go bhfuil fáilte roimh gach duine, is cuma cé hiad féin, agus go bhfuil áit dóibh sa phobal.

Táimid ag dul ar ais i mbliana go dtí an rud a thugann spreagadh do gach Seachtain Feasachta Seas Suas agus tá muid tar éis an téama 'Tá Áit Duitse Anseo' a roghnú don bhliain 2026.

### Is féidir a rá gur mothúchán chomh maith le cleachtas atá sa mhuintearas - rud a bhraithimid go pearsanta agus a chruthaímid le chéile.[4]

Léiríonn na stríocaí atá ar an tuar ceatha sa phóstaer seo ➔ go gcuidíonn ár n-éagsúlacht agus ár n-ilchineálacht lenár bpobail a dhéanamh níos saibhre, agus cosúil le tuar ceatha ar bith, déanann na dathanna éagsúla an t-iomlán níos gile. Tá sé tuillte ag gach duine go mbraithfidís go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil siad sa bhaile ina bpobail féin agus d'fhéadfadh na rudaí is simplí ar bith a dhéanaimid gach lá an-tionchar a imirt air sin.

## Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go mbeadh daoine ag aireachtáil sa bhaile?


Léirigh na torthaí ón *Suirbhé ar Atmaisféar Scoile 2022*[1] chomh fad agus a bhaineann sé le daltaí a bheith as láthair ón scoil gurb í an chúis is mince a bhíonn leis ná nach mbraitheann siad sa bhaile ar scoil. Is iad na daoine a ndéantar ciapadh orthu go leanúnach ar scoil is minice a bhíonn as láthair agus iad ag iarraidh cúinsí den chineál sin a sheachaint.

Léirigh torthaí na Tuarascála 2024 *Being LGBTQI+ in Ireland*[3] gur thug 26% de dhaltaí le fios gur chaill siad laethanta ón scoil nó go raibh siad as láthair mar gheall ar bhulaíocht, agus gur smaoinigh 32% acu ar an scoil a fhágáil ar fad toisc gur caitheadh go dona leo mar gheall ar a gclaonadh gnéasach nó a léiriú inscne. Faraor, d'fhág 7% de na freagróirí an scoil ar fad ar na cúiseanna céanna sin.

Mar oideachasóirí agus mar cheannairí, ba mhaith linn go mbraithfeadh gach duine óg nuair a shiúlann siad tríd an doras, go dtuigtear iad, go bhfeictear iad, go bhfuil fáilte rompu agus go nglactar leo. Ní rud é an mothú sin go bhfuil duine sa bhaile atá le fáil go héighníomhach i gcónaí; mar bhaill den phobal, is gá dúinn a thaispeáint d'aon ghnó go bhfuil tábhacht leis na daoine óga LADTA+ agus go bhfuil meas orthu. Is é an dea-scéal ná go bhfuil go leor bealaí ann chun é seo a dhéanamh, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina rud thar a bheith tairbheach agus taitneamhach!

Tá an mothú sin go bhfuil duine sa bhaile agus nasctha le scoil, ionad nó seirbhís óige ríthábhachtach d'fholláine gach dalta. Nuair a chruthaítear timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta a thacaíonn le daoine LADTA+ tá na scoileanna agus na hionaid ag aithint go bhfuil pobal LADTA+ ann, taobh istigh agus taobh amuigh de gheataí na scoile, chomh maith le go bhfuil cultúr níos leithne á chothú a bhaineann le meas ar an éagsúlacht agus ar an nglacadh léi. Má chuirtear an éagsúlacht chun cinn tugtar an teachtaireacht go bhfuil fáilte roimh gach duine sa scoil, san ionad nó sa tseirbhís óige, go bhfuiltear ag glacadh leo agus go bhfuil tacaíocht acu, agus áirítear anseo daoine óga LADTA+, chomh maith le tuismitheoirí, caomhnóirí, cúramóirí agus baill foirne LADTA+.

Tarraingíonn Ráiteas Beartais Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne Oideachais[5] aird ar leith ar atmaisféar agus ar chultúr na scoile uile. Pléann an creat go sonrach a riachtanaí agus atá sé go mbeadh taithí ag páistí, daoine óga agus baill foirne ar bheith "ag aireachtáil sa bhaile, agus go bhfuil siad sábháilte, nasctha agus tacaíocht acu". Tá sé seo thar a bheith tábhachtach i gcás na ndaoine óga LADTA+.



# Smaointe maidir le Gníomhaíochtaí do Sheachtain Feasachta Seas Suas 2026

## Cén chaoi ar féidir linn a léiriú do dhaoine óga go bhfuil áit ann dóibh?

Baineann téama Sheachtain Feasachta Seas Suas na bliana seo, 'Tá Áit Duitse Anseo', le timpeallachtaí a chruthú ina mbraitheann gach duine óg go bhfuil siad sábháilte, tábhachtach agus go bhfuil meas orthu agus fios cinnte acu go bhfuil áit ann dóibh. Beag beann ar an scoil atá agat, nó an tseirbhís óige nó ionad Ógtheagmhála, is féidir le gach comhrá agus gníomhaíocht cabhrú le timpeallacht níos cuimsithí a chothú do dhaoine óga LADTA+.

Anseo thíos gheobhaidh tú smaointe éagsúla agus ábhair inspioráide chun cabhrú leat beocht a chur sa téama 'Tá Áit Duitse Anseo'. Idir na tionscadail chruthaitheacha agus na díospóireachtaí machnamhacha, Grúpa LADTA+ agus Comhghuaillithe a bhunú agus do spásanna a dhéanamh tacúil ar bhealach feiceálach, tá go leor deiseanna ann leis na daoine óga a mhealladh, comhráite fiúntacha a spreagadh faoi chuimsiú agus faoi mhuintearas, agus gach duine a mhealladh le seasamh suas i gcoinne na bulaíochta ar dhaoine LADTA+.

**Nóta cabhrach:** Tá sé tábhachtach a thuiscint má iarrann tú ar dhaoine óga a bhfuil a fhios agat nó a nglacann tú leis go bhfuil siad LADTA+ páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí nó páirt a ghlacadh i gclub go bhféadfadh sé go mbraithfidís míchompordach. B'fhéidir nach mbeadh cuid de na daoine óga seo amuigh fós, nó b'fhéidir go mbeadh cuid acu amuigh agus díreach ag glacadh lena bhféiniúlacht. B'fhearr dá mbeadh an cuireadh oscailte do chách ionas go mbraithfidh gach duine go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil áit dóibh.



## Léiriú infheicthe sa bhfoirgneamh

Má chuireann tú suas bratacha Bród, póstaeir a chuimsíonn teaghlaigh LADTA+ agus eolas faoi ghrúpaí áitiúla LADTA+ d'fhéadfadh go gcabhródh sé le timpeallacht chuimsitheach a chruthú.

## Grúpaí LADTA + agus Comhghuaillithe

Nuair a bhunaítear Club LGBTQ+ agus Comhghuaillithe le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas is bealach iontach é le dlúthpháirtíocht a léiriú do na daoine óga LADTA+ atá agat agus dá gcomhghuaillithe. Cuireann grúpaí mar seo spásanna sábháilte, infheicthe agus tacúla ar fáil do dhaoine óga LADTA+ agus dá gcomhghuaillithe, rud a chothaíonn nasc agus a chruthaíonn atmaisféar pobail agus muintearais laistigh de do shuíomh oideachais.[6] Má eagraíonn tú tionól nó seisiún le grúpa ina dtugtar deis do na baill foirne agus na daoine óga labhairt faoin gclub is bealach iontach é leis an scéal a scaipeadh.

B'fhéidir gur mhaith leat freisin póstaeir a chur ar chlár na bhfógraí chun aird a tharraingt ar na hamanna agus na laethanta a mbíonn an club ar siúl. D'oirfeadh siad seo go mór do dhaoine óga a d'fhéadfadh a bheith neirbhíseach nó imníoch faoi eolas mar seo a iarraidh iad féin.

An bhfuil Club LADTA+ agus Comhpháirtithe agat cheana féin? Deis iontach atá sa tSeachtain Feasachta Seas Suas leis an sár-obair atá déanta go dtí seo a roinnt leis an bhfoireann agus leis na daoine óga. Foghlaim tuilleadh ar ár suíomh gréasáin faoin gcaoi le Club LADTA+ agus Comhpháirtithe a bhunú ➔.

## Seinnliosta Bhród

Le cabhair ó dhaoine óga, cruthaigh seinnliosta d'ealaíontóirí nó d'amhráin LADTA+ a bheadh oiriúnach do dhaoine óga agus a bhfuil téamaí LADTA+ iontu. Is bealach iontach é seo le daoine óga a mhealladh isteach agus aird a tharraingt ar an ionchur a bhíonn ag an bpobal LADTA+. B'fhéidir gur mhaith leat ceol nó amhráin a roghnú ón seinnliosta agus iad a sheinnt ag amanna tábhachtacha nó ag deireadh an lae. Is bealach spraíúil é chun an fuinneamh a choinneáil ag imeacht!

## Scannáin agus Sraitheanna Teilifíse atá Báúil le daoine LADTA+: Soilse, Ceamara, Cuimsiú!

Tá scéalta in ann cabhrú linn le go n-airíonn muid ábhartha, go gcreideann muid go dtuigtear muid agus go bhfuil muid nasctha. Chun an tSeachtain Feasachta Seas Suas a cheiliúradh, tá liosta de scannáin agus de shraitheanna curtha le chéile againn ina bhfuil téamaí LADTA+ san áireamh agus a bhféadfadh go mbainfeadh daoine óga taitneamh astu. Tá na scéalta seo in ann comhrá, machnamh agus mothúcháin an mhuintearais a spreagadh.  Tar éis daoibh breathnú orthu, d'fhéadfá plé a éascú ag úsáid na gceisteanna thíos chun na daoine óga a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar na carachtair, na téamaí agus na heispéiris atá siad tar éis a fheiceáil ar an scáileán.

Seo roinnt leideanna don mhachnamh agus don díospóireacht:

- Cén carachtar is mó a bhfuil tú báúil leis/léi agus cén fáth?
- Cad iad na dúshláin a bhí roimh na carachtair, agus cén bealach a ndeachaigh siad i ngleic leo?
- Cad a mhúin an scéal seo duit faoi chuimsiú agus faoi mhuintearas?
- Cén chaoi a bhféadfaí spásanna a chruthú ina mbraithfeadh gach duine go bhfuil meas air, tábhacht leis agus go bhfuil sé curtha san áireamh?

Tabhair faoi deara: Tá difríochtaí ó thaobh rátáil aoise agus ábhar ag baint leis na scannáin agus na sraitheanna teilifíse seo thíos. Tá siad á dtabhairt mar mholtaí agus mar threoir seachas mar chomhairle chríochnúil agus ba chóir iad a mheas i dteannta rátáil aoise an scannáin. Mar is gnách, iarrtar ar na hoideachasóirí agus ar na hoibrithe óige a mbreithiúnas gairmiúil féin a úsáid agus acmhainní á roghnú agus á roinnt acu.

**Oiriúnach do dhaoine thart ar 12+**

- Heartstopper (12+)
- Love, Simon (12A)
- Love, Victor (12+)
- Handsome Devil (12A)
- Bonus Track (12A)

**Oiriúnach do dhaoine thart ar 15+**

- Dating Amber (15A)
- Pride (15A)
- The Death and Life of Marsha P. Johnson (15+)

## Clár Fógraí Bród

Roghnaigh clár fógraí tiomnaithe, clár bán nó balla chun teachtaireachtaí uileghabhálacha maidir le LADTA+ a thaispeáint ó cheann ceann na bliana. D'fhéadfá a chur san áireamh:

- Sonraí faoi do ghrúpa óige áitiúil LADTA+.
- Sonraí teagmhála do sheirbhísí tacaíochta náisiúnta LADTA+ ar nós Belong To.
- Ainmneacha na mball foirne atá i gceannas ar fholláine, treoir agus cuimsitheacht na ndaoine LADTA+.

Le linn Sheachtain Feasachta Seas Suas, d'fhéadfá cuireadh a thabhairt do na comhpháirtithe a n-ainmneacha a shíniú ar an gclár fógraí Bród nó iarr orthu teachtaireachtaí tacaíochta agus dlúthpháirtíochta a fhágáil don phobal LADTA+.

## Ag baint an úsáid cheart as ainm agus as forainmneacha duine

Nuair a roinneann duine a gcuid forainmneacha leat, tá siad ag iarraidh go mbainfidh tú úsáid astu. Nuair a dhéanann tú amhlaidh, léiríonn sé do mheas agus do thacaíocht don duine sin. Mar oideachasóir nó oibrí óige, má chuireann tú thú féin in aithne ag úsáid d'ainm agus d'fhorainmneacha is bealach éifeachtach é le tabhairt le fios go dtuigeann tú forainmneacha agus go bhfuil a fhios agat go bhféadfaidís a bheith difriúil. Nuair a chuireann tú d'fhorainmneacha le do shíniú ríomhphoist is bealach maith é freisin chun é seo a chur i gcrích. Má thugtar na forainmneacha agus na hainmneacha míchearta go leanúnach agus d'aon ghnó ar dhaoine óga d'fhéadfadh go mbraithfidís go bhfuil siad neamhbhailí agus dofheicthe. Má dhéanann tú botún cén dochar! Admhaigh é, gabh do leithscéal agus bog ar aghaidh – sin iad na céimeanna is simplí.

## Léigh an Tuar Ceatha

Níl am níos fearr ná an tSeachtain Feasachta Seas Suas chun rannóg leabharlainne LADTA+ nua nó nuashonraithe a sheoladh i do scoil, i d'ionad nó i do sheirbhís óige. Mar chuid de do sheachtain d'fhéadfaí gníomhaíocht 'Read the Rainbow' a eagrú, agus cuireadh a thabhairt do dhaoine óga a moltaí a chur chun cinn maidir le leabhair le téamaí LADTA+ iontu a thaitin leo nó ar mhaith leo iad a léamh.



## Lá na nGeansaithe Tuar Ceatha

Cruthaigh bratach tuar ceatha! Spreag gach duine le geansaí a chaitheamh ar a bhfuil dathanna na brataí tuar ceatha: dearg, oráiste, buí, glas, gorm agus corcra do Lá na nGeansaithe Tuar Ceatha a eagraíonn Belong To. Ná déan dearmad slám grianghraf a thógáil agus iad a roinnt linn. Bain úsáid as na grianghraif seo agus d'ainmniúchán do na gradaim á chur isteach agat!

## Siúlbhealach Tuar Ceatha

Léiriú amhairc ar chuimsitheacht na ndaoine LADTA+ atá sna siúlbhealaí tuar ceatha agus péintéaladh iad in go leor bailte agus cathracha in Éirinn chun aitheantas a thabhairt don phobal LADTA+ agus iad a chur san áireamh. Tugann na siúlbhealaí seo le fios go bhfuil meas ar dhaoine LADTA+ sa phobal áirithe sin. An bhfuil áit éigin ar do thailte nó i d'fhoirgneamh féin ina bhféadfadh sibh siúlbhealach tuar ceatha de bhur gcuid féin a chruthú? Cruthaigh an siúlbhealach le péint nó cailc ag an ngeata ar an mbealach isteach, nó maisigh pasáiste, halla nó doras tosaigh le dathanna an tuar ceatha chun a thaispeáint go bhfuil do scoil, d'ionad nó do sheirbhís ag cur daoine LADTA+ san áireamh.

## Comórtas Dorais Bhród

Is breá linn ar fad na comórtais! Deis atá anseo do na hoideachasóirí agus na daoine óga a bheith ag comhoibriú le chéile chun bheith chomh cruthaitheach agus is féidir agus ag an am céanna tacaíocht agus infheictheacht a léiriú. D'fhéadfá múinteoirí a spreagadh le bheith ag oibriú lena ngrúpaí tionóil agus a ndoirse a mhaisiú le póstaeir, líníochtaí, bratacha nó gnéithe cruthaitheacha eile. Tabharfar deis don doras is cruthaithí a bheith ag déanamh gaisce as!



## Comórtas Póstaeir

Díreach mar a tharlaíonn le comórtas dorais Bhród, tugann an Comórtas Póstaeir deis do na daoine óga a gcuid scileanna cruthaitheacha a thaispeáint agus aitheantas a fháil as a n-éachtaí agus iad ag an am céanna ag cur ag an chuimsithe agus mhuintearais chun cinn. Toisc gur breá le daoine óga duaiseanna, d'fhéadfá trófaí nó b'fhéidir teastas a eagrú mar rud éigin speisialta ag an seastán *'Spill the Tea'* (féach nasonraí thíos!)



## Eagraigh d'imeacht *Spill the Tea* féin

Cuir síos an citeal agus tabhair tacaíocht do dhaoine óga LADTA+ fud fad na hÉireann inniu. Gach bliain don tSeachtain Feasachta Seas Suas, reáchtálann scoileanna, ionaid agus seirbhísí fud fad na tíre díolacháin bácála, maidineacha caife agus seisiúin bácála le hairgead a bhailiú ar mhaithe le tacú leis an obair tharrthála a dhéanann Belong To le daoine óga LADTA+. Má eagraíonn tú imeacht 'Spill the Tea' is deis iontach é le teagmháil a dhéanamh leis an bpobal ar fad, lena n-áirítear tuismitheoirí agus caomhnóirí, siblíní, baill de do Bhord Bainistíochta agus go leor eile agus spraoi a bheith agaibh ag an am céanna.


Tabhair cuairt ar ár mol ar líne chun do phacáiste tiomsaithe airgid Spill the Tea a fháil. Tá gach rud ann a theastóidh uait le himeacht den scoth a eagrú ➔.



Nua le haghaidh 2026

# Acmhainní le haghaidh Churaclam na Sraithe Sinsearaí d'Iar-bhunscoileanna

## Teaghlaigh agus féiniúlachtaí LADTA+ a bheith le feiceáil sna seomraí ranga




D'fhoilsíomar raon nua acmhainní curaclaim don tsraith shinsearach anuraidh agus is féidir iad seo a úsáid chun ceachtanna a bhfuil teaghlaigh agus féiniúlachtaí LADTA+ curtha san áireamh iontu a phleanáil agus a mhúineadh.

Le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas, agus i rith na bliana ar fad, má nasctar féiniúlachtaí, eispéiris agus peirspictíochtaí na ndaoine LADTA+ sa churaclam is iontach an bealach é le cuimsiú na ndaoine LADTA+ a chothú taobh istigh de sheomra ranga nó grúpa.

Fuarthas amach i *Suirbhé ar Atmaisféar Scoile 2022*[1] gur chuir leath de na daltaí LADTA+ in iúl nár luadh féiniúlachtaí a bhaineann le LADTA+ beag ná mór sa scoilbhliain roimhe sin. Nuair nach bpléitear féiniúlachtaí LADTA+ ar chor ar bith sa seomra ranga, d'fhéadfadh nach mbeadh aon fhoinsí eolais ar fáil faoi dhaoine LADTA+ seachas an méid a bhíonn á roinnt ar líne nó á phlé sa chlós súgartha, agus ní gá go mbeadh an t-eolas sin cruinn ná dearfach i gcónaí. Nuair a chuireann tú daoine LADTA+ san áireamh agus ábhair á dteagasc agat, is féidir leat a thabhairt le tuiscint go bhfuil daoine LADTA+ ina gcuid dár bpobail agus den tsochaí i gcoitinne, agus gur cuid den phobal agus den tsochaí iad ach an oiread le duine ar bith eile.

Níl sé deacair daoine LADTA+ a chur san áireamh agus ábhair á dteagasc agat má bhaineann tú úsáid as raon níos leithne d'fhéiniúlachtaí nuair a bhíonn samplaí nó cás-staidéir á n-úsáid agat. Dá bhrí sin, má tá tú ag úsáid cás-staidéir i do cheacht staidéir gnó ina bhfuil an gnó faoi úinéireacht lánúin phósta, seachas 'John agus Mary' a thabhairt ar an lánúin, d'fhéadfá 'Eimear agus Mary' a ghlaoch orthu.

Tá acmhainní na sraithe sinsearaí forbartha d'ábhair éagsúla ina measc:

- Staidéar Gnó
- Béarla
- Tíreolaíocht
- Stair
- Matamaitic
- Nuatheangacha Iasachta
- Polaitíocht agus an tSochaí
- Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)

Tugann ár n-acmhainní do churaclam na sraithe sóisearaí moltaí a chabhróidh leat freisin teacht ar bhealaí a bhféadfadh raon ábhar, ar nós eolaíocht, gnó, matamaitic, stair agus tíreolaíocht daoine LADTA+ a chur san áireamh. Tá acmhainní againn freisin do churaclam na sraithe sinsearaí, a bheidh tú in ann a úsáid chun féiniúlachtaí LADTA+ a thabhairt isteach sa seomra ranga. Is féidir leat na hacmhainní seo a íoslódáil ónár suíomh gréasáin.

Sampla de na gníomhaíochtaí atá sna hacmhainní ábhairs:

### Tíreolaíocht

Pléigh na cúinsí is cúis leis an leithscaradh daonra i gceantair uirbeacha. Mar shampla, cén fáth go mbeadh comharsanachtaí nó sráideanna atá comhbhách le daoine LADTA+ i gcathracha/bailte áirithe? Pléigh an tionchar a bhíonn ag an áit ina lonnaítear na seirbhísí, na tacaíochtaí agus na himeachtaí sóisialta i gceantair tuaithe agus uirbeacha ar dhaoine LADTA+.


### Matamaitic

Iarr orthu a gcuid fadhbanna matamaitice féin a cheapadh agus a mhalartú, lena n-áirítear guthanna agus féiniúlachtaí LADTA+. Ag brath ar do rang, b'fhéidir gur mhaith leat sampla a thabhairt a spreagfaidh iad, mar shampla: €9.50 a chosnaíonn ticéad pictiúrlainne do dhuine fásta; €9.00 a chosnaíonn ticéad do leanbh. Má théann teaghlach ina bhfuil beirt mháithreacha agus triúr páistí go dtí an phictiúrlann, cé mhéad a chosnóidh na ticéid?

### Ceol

Déan iniúchadh ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag an gcultúr agus ag an traidisiún ar sheánraí éagsúla ceoil, go háirithe mar a bhaineann le hinscne agus le claonadh gnéasach.

# Tábla Samplach d'Imeachtaí



| | | |
|---|---|---|
| Dé Luain, 2 Samhain → | **An Seoladh** | Cuir tús leis trína chur in iúl do gach duine go bhfuil an tSeachtain Feasachta Seas Suas tagtha agus tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh mar chuid d'fógra na maidine, ag an tionól nó i seisiún grúpa. Inis faoi chuspóir na Seachtaine Feasachta Seas Suas, agus béim á chur agat ar an tábhacht a bhaineann le téama 2026 'Tá Áit Duitse Anseo'. Ina dhiaidh sin, má tá crann brataí agat, d'fhéadfá a shocrú go n-ardófaí bratach bhród mar searmanas oscailte. |
| Dé Máirt, 3 Samhain → | **Comhráite agus Cruthaitheacht** | Tá sé thar am a bheith feiceálach! Cén chaoi a bhféadfá timpeallacht a chruthú ina bhfuil sé an-soiléir go bhfuil daoine LADTA+ á gcur san áireamh? Bí cruthaitheach agus maisigh cláir fógraí in áiteanna atá feiceálach ar mhaithe le timpeallacht atá fáilteach agus éagsúil a chruthú. Tosaigh dúshlán póstaeir ina mbeidh teachtaireachtaí cineáltais a d'fhéadfaí a thaispeáint ar chlár na bhfógraí i rith na seachtaine. Is bealach iontach iad na gníomhaíochtaí seo le bheith cruthaitheach agus deiseanna a chruthú chun comhráite a thosú maidir le comhbhá, feiceálacht agus cuimsiú. |
| Dé Céadaoin, 4 Samhain → | **Ag Foghlaim ón Taithí Saoil** | Tabhair cuireadh do chainteoir seachtrach teacht chun na scoile, chuig an ionad nó an tseirbhís le labhairt faoi chuimsiú na ndaoine LADTA+ agus faoin tionchar a bhíonn ag an mbulaíocht homafóbach agus thrasfóbach. B'fhéidir tar éis na cainte go mbeadh seisiún Ceisteanna agus Freagraí agaibh le deis a thabhairt do na daoine óga a machnamh a dhéanamh ar ábhair ar nós ionbhá agus cuimsiú. Nuair a bhíonn cainteoir á roghnú agat le teacht chun na scoile nó chuig d'ionad agus seirbhís nó d'ionad, b'fhiú i gcónaí do mhachnamh a dhéanamh ar an treoir ón Roinn Oideachais[7] agus treoir na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta[8] maidir le dea-chleachtas agus éascaitheoirí seachtracha á n-úsáid. |
| Déardaoin, 5 Samhain → | **ag Déanamh agus ag Bácáil** | Tosaigh ag bácáil agus eagraigh díolachán cístí tuar ceatha nó imeacht Spill the Tea! Is carthanas é Belong To a chuireann seirbhísí tacaíochta ar fáil chun teacht i gcabhair ar dhaoine óga LADTA+ ar fud na hÉireann. B'fhéidir gur mhaith leat an t-airgead a bailíodh a bhronnadh chun tacú leis an obair →. |
| Dé hAoine, 6 Samhain → | **Lá na nGeansaithe Tuar Ceatha agus an Ceiliúradh Clabhsúir** | Tabhair an tseachtain chun críche agus cruthaigh bratach tuar ceatha le lá na ngeansaithe tuar ceatha! Spreag gach duine le geansaí a chaitheamh a chruthaíonn na dathanna atá ar an mbratach tuar ceatha: dearg, oráiste, buí, glas, gorm agus corcra. Ná déan dearmad roinnt grianghraf a thógáil agus iad a chur isteach mar chuid de d'iarratas ar Ghradaim na Seachtaine Feasachta Seas Suas 2026. Críochnaigh an tseachtain le seisiún machnaimh faoi stiúir na ndaoine óga nó trí theachtaireachtaí ó dhúshlán na bpóstaer a roinnt ar chlár na bhfógraí. Bealach iontach atá anseo leis an gcuimsiú a chur chun cinn agus daoine óga a chur ag machnamh ar a bhfuil i gceist leis an tseachtain ar fad, lena n-áirítear an chaoi a mbíonn cúrsaí nuair a bhraitheann gach duine ar a gcompord san áit. |

04

# Gradaim Sheachtain Feasachta Seas Suas 2026



# Gradaim Sheachtain Feasachta Seas Suas 2026

## Próiseas na nGradam don tSeachtain Feasachta Seas Suas

Cruthaíodh Gradaim na Seachtaine Feasachta Seas Suas ar mhaithe le ceiliúradh a dhéanamh ar an éagsúlacht a bhaineann leis na himeachtaí spreagúla a bhíonn ar bun i scoileanna, in ionaid agus i seirbhísí ar fud na tíre agus ar an tionchar a bhíonn acu, chomh maith le haitheantas a thabhairt don obair a dhéanann baill foirne agus daoine óga chun timpeallachtaí tacúla agus cuimsitheacha a chruthú do dhaoine óga.

### An Chaoi le bheith Páirteach

Is féidir iarratais do ghradaim 2026 a chur isteach tríd an leathanach oifigiúil atá ag an tSeachtain Feasachta Seas Suas ar shuíomh **Gréasáin Belong To** ➔.

Beidh treoracha mionsonraithe agus foirmeacha iarratais ar fáil ar líne, mar sin coinnigh súil ar ár suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta chun tuilleadh sonraí a fháil.

### An Searmanas Bronnta

Fógrófar buaiteoirí na ngradam ag searmanas ar líne i mí na Nollag 2026. Gheobhaidh na buaiteoirí trófaí na Seachtaine Feasachta Seas Suas chun a n-éachtaí a cheiliúradh agus bronnfar teastais ardmholta ar iarratais a fhaigheann marc ard.




## Catagóirí na nGradam

**Nua in 2026 Gradam Seirbhísí Óige na Seachtaine Feasachta Seas Suas**
Agus aitheantas á thabhairt do chláir de chuid na Seachtaine Feasachta Seas Suas ina mbíonn imeachtaí a imríonn tionchar, a bhíonn dea-eagraithe agus a chomhlíonann cuspóirí na Seachtaine Feasachta Seas Suas don tseirbhís Óige is féidir leis na seirbhísí óige iarratas a dhéanamh ar na gradaim ar fad anseo thíos freisin!

### Catagóirí na nGradam ar fad

**Gradam Tionchair na Seachtaine Feasachta Seas Suas**
Aitheantas a thabhairt do chláir de chuid na Seachtaine Feasachta Seas Suas ina mbíonn imeachtaí a imríonn tionchar, a bhíonn dea-eagraithe agus a chomhlíonann cuspóirí na Seachtaine Feasachta Seas Suas.

**Gradam Téama na Seachtaine Feasachta Seas Suas**
Aitheantas don léirmhíniú cruthaitheach ar théama na Seachtaine Feasachta Seas Suas 2026.

**Gradam Feiceálachta na Seachtaine Feasachta Seas Suas**
Aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí a d'fhéach le cur le feiceálacht na bhféiniúlachtaí LADTA+ agus iad a chur san áireamh i measc phobal na scoile, an ionaid nó na seirbhíse le linn na Seachtaine Feasachta Seas Suas.

**Gradam Léiriú Cruthaitheach na Seachtaine Feasachta Seas Suas**
Aitheantas a thabhairt don úsáid a bhaintear, ar bhealach a imríonn tionchar, as an ealaín, an ceol, an scríbhneoireacht nó as gnéithe cruthaitheacha eile don tSeachtain Feasachta Seas Suas.

**Gradam Grianghrafadóireachta na Seachtaine Feasachta Seas Suas**
Aitheantas a thabhairt do na grianghraif ba mhó a raibh tionchar acu agus a tógadh le linn d'imeachtaí na Seachtaine Feasachta Seas Suas a bheith ar bun.

**Gradam Rannpháirtíocht na hÓige na Seachtaine Feasachta Seas Suas**
Aitheantas a thabhairt do leibhéil arda rannpháirtíochta ó dhaoine óga agus an tSeachtain Feasachta Seas Suas á pleanáil agus á reáchtáil.

## Aird á Tarraingt ar Bhuaiteoirí na nGradam in 2025


In 2025, léirigh scoileanna, ionaid agus seirbhísí óige cruthaitheacht agus tiomantas eisceachtúil chun go dtabharfaí cuimsiú daoine LADTA+ chun fíre do dhaoine óga, agus é ceangailte le téama 2025 'Bulaíocht Homafóbach agus Thrasfóbach a Chosc'. Léiríonn na hiontrálacha buacacha seo croílár na Seachtaine Feasachta Seas Suas, agus iad ag taispeáint rannpháirtíocht den scoth maidir le feiceálacht, abhcóideacht agus oideachas LADTA+. Faigh amach faoi bhuaiteoirí na bliana 2025 anseo thíos!



## Buaiteoirí Ghradaim na Seachtaine Feasachta Seas Suas 2025

- Gradam Tionchair na Seachtaine Feasachta Seas Suas
  **Ardscoil na Mara**
- Gradam Théama na Seachtaine Feasachta Seas Suas
  **Meánscoil Ag Foghlaim Le Chéile Luimnigh**
- Gradaim Infheictheachta na Seachtaine Feasachta Seas Suas
  **Coláiste Pobail na Ciseoige**
- Gradam Léirithe Cruthaitheacha na Seachtaine Feasachta Seas Suas
  **Scoil Chuimsitheach an Rampair**
- Gradam Grianghrafadóireachta na Seachtaine Feasachta Seas Suas
  **Ardscoil na Mara**
- Gradam Rannpháirtíochta Óige na Seachtaine Feasachta Seas Suas
  **Ardscoil Rís**

> "Is é an sprioc atá ag Seachtain Seas Suas Ardscoil na Mara ná timpeallacht chuimsitheach a chruthú do dhaoine LADTA+ atá ina mbaill de phobal na scoile. Bhí ríméad orainn anuraidh gur bhuamar an Gradam Tionchair chomh maith leis an nGradam Grianghrafadóireachta. D'oibrigh muid go dian chun ár dtionscnaimh LADTA+ a chur chun cinn taobh amuigh de phobal na scoile, agus isteach i bpobal Thrá Mhór i gcoitinne trí Chomhairle na dTuismitheoirí, Leabharlann Thrá Mhór, agus na gnólachtaí áitiúla. Agus dhá ghradam náisiúnta buaite ag an scoil léiríonn sé gur spás sábháilte ó thaobh na cuimsitheachta í Ardscoil na Mara ina mbraitheann gach duine go bhfuil fáilte roimhe agus go bhfuil tábhacht leis."



— Angeline Westcott, Ardscoil na Mara, Co. Phort Láirge

# Iarratas ar Ghradaim na Seachtaine Feasachta Seas Suas 2025


























# Tagairtí


1. Pizmony-Levy, O. (2022) *The 2022 Irish National School Climate Survey Report.* Research Report. Global Observatory of LGBTQ+ Education and Advocacy. New York: Teachers College, Columbia University. Available here.

2. Department of Education (2024) *Bí Cineálta: Procedures to Prevent and Address Bullying Behaviour for Primary and Post-Primary Schools.* Dublin: Department of Education. Available here.

3. Higgins, A.; Downes, C;. O'Sullivan. K.; de Vries, J.; Molloy, R.; Monahan, M.; Keogh, B.; Doyle, L.; Begley, T.; & Corcoran, P. (2024) *Being LGBTQI+ in Ireland: The National Study on the Mental Health and Wellbeing of the LGBTQI+ Communities in Ireland.* Dublin: Belong To. Available here.

4. What is Belonging? Othering & Belonging Institute, University of California, Berkeley. Available here.

5. Department of Education and Skills (2019) Wellbeing Policy Statement and Framework for Practice. Available here.

6. Marx, R. A. and Kettrey, H. H. (2016) 'Gay-straight alliances are associated with lower levels of schoolbased victimization of LGBTQ+ youth: A systematic review and meta-analysis', Journal of Youth & Adolescence, 45 (7). Available here.

7. Department of Education, Circular No. 0043/2018. Available here.

8. National Council for Curriculum and Assessment, Considering the use and role of guest speakers in SPHE/RSE. Available here.

“

Tá an pobal i gcroílár ár scoile agus is é bun agus barr gach rud a bhíonn ar siúl againn go mbeadh pobal sábháilte agus cuimsitheach á chruthú. Cuireann an tSeachtain Seas Suas i gcuimhne dár ndaltaí gach aon bhliain gur baill luachmhara iad dár bpobal scoile, is cuma cén cineál féiniúlachta atá acu. Tarraingíonn sé aird ar an tábhacht a bhaineann leis an gcuimsiú, an glacadh agus an chomhghuaillíocht. Leagann sé síos bunchloch don mheas, don chomhionannais agus don chúraim le haghaidh an chuid eile den scoilbhliain. Tugann sé le fios dár ndaltaí go léir, go háirithe iad siúd atá mar chuid den phobal LADTA+, go bhfuil tacaíocht acu agus fáilte rompu, go bhfuil aitheantas acu inár scoil, agus go bhfuilimid anseo le tacú leo. Cabhraíonn sé leo a thuiscint nach “dream difriúil” iad ach cuid thábhachtach de rud atá níos mó, áit do gach duine.”

— Ellen McEnroe, Múinteoir, Coláiste Pobail Bhaile Coimín, Co. Chill Mhantáin

“

Seachtain thábhachtach i bhféilire na scoile is ea an tSeachtain Feasachta Seas Suas, mar go dtugtar deis dúinn an teachtaireacht shoiléir a thabhairt gur áit atá fáilteach, tuisceanach agus tacúil do chách é pobal na scoile. Cuirimid in iúl go láidir freisin nach nglacfar le bulaíocht de chineál ar bith. Is an-ócáid cheiliúrtha í an Aoine Ildaite nuair a thugtar deis do na baill foirne agus na daltaí spraoi a bheith acu agus a gcuid dathanna a chaitheamh chun a chur in iúl ar bhealach an-fhísiúil do dhaoine LADTA+ atá i bpobal na scoile seo againne go bhfuilimid ag tacú leo.”

— Annette O’ Neill, Múinteoir Oideachais Speisialta, Coláiste Naomh Breandán, Cill Airne, Co. Chiarraí

Belong To LGBTQ+ Youth Ireland

**Is eagraíocht náisiúnta é Belong To a thacaíonn le daoine óga LADTA+.**

Ó 2003 i leith, d'oibríomar le daoine óga LADTA+ ar fud na hÉireann ionas go mbeidh siad sábháilte agus go mbeidh tacaíocht ar fáil dóibh trínár seirbhísí. Inis do do chuid daoine óga agus do ghrúpaí óige faoi Belong To agus faoi na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh, lena n-áirítear grúpaí óige LADTA+, comhairleoireacht ghéarchéime le Pieta agus seirbhísí tacaíochta digiteacha.

I gcás oideachasóirí, cuirimid oiliúint, tacaíocht agus tionscnaimh ar líne ar fáil amhail Dearbhú Cáilíochta LADTA+. I gcás oibrithe leis an óige, tugaimid tacaíocht don Líonra Náisiúnta de ghrúpaí óige LADTA+ agus reáchtálaimid an Rainbow Award – clár creidiúnaithe atá dírithe ar ghníomhaíocht a thacaíonn le cur chuige uile-eagraíochta mar a bhaineann le seirbhísí atá sábháilte agus tacúil a chur ar fáil do dhaoine óga LADTA+.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.belongto.org**